2023/2624

24.11.2023

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2624 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Samhain 2023

lena gcláraítear tásc geografach dí biotáille faoi Airteagal 30(2) de Rialachán (AE) 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('Nagykörűi cseresznyepálinka')

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair agus lipéadú deochanna biotáilleacha, úsáid ainmneacha deochanna biotáilleacha i gcur i láthair agus lipéadú earraí bia eile, agus cosaint tásc geografach le haghaidh deochanna biotáilleacha, úsáid alcóil eitile agus driogáití de thionscnamh talmhaíochta i ndeochanna alcólacha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ([1]), agus go háirithe Airteagal 30(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), tá scrúdú déanta ag an gCoimisiún ar iarratas na hUngáire an 13 Iúil 2018 maidir le clárú 'Nagykörűi cseresznyepálinka' mar thásc geografach.

(2) Rialachán (AE) 2019/787 a thagann in ionad Rialachán (CE) Uimh. 110/2008, tháinig sé i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2019. I gcomhréir le hAirteagal 49(1) den Rialachán sin, aisghairtear Caibidil III de Rialachán (CE) Uimh. 110/2008, maidir le tásca geografacha, le héifeacht ón 8 Meitheamh 2019.

(3) Tar éis don Choimisiún teacht ar an gconclúid go bhfuil an t-iarratas i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 110/2008, d'fhoilsigh sé príomhshonraíochtaí an chomhaid theicniúil in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([3]) de bhun Airteagal 17(6) den Rialachán sin, i gcomhréir le hAirteagal 50(4), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) 2019/787.

(4) Ní bhfuair an Coimisiún aon fhógra freasúra, i gcomhréir le hAirteagal 27(1) de Rialachán (AE) 2019/787.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart an t-ainm 'Nagykörűi cseresznyepálinka' a chlárú mar thásc geografach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Tá an tásc geografach 'Nagykörűi cseresznyepálinka' cláraithe. I gcomhréir le hAirteagal 30(4) de Rialachán (AE) 2019/787, an chosaint dá dtagraítear in Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2019/787, deonaítear leis an Rialachán seo í don tásc geografach 'Nagykörűi cseresznyepálinka'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 130, 17.5.2019, lch. 1.
([2]) Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2008 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint sonraí geografacha deochanna biotáilleacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1576/89 ón gComhairle (IO L 39, 13.2.2008, lch. 16).
([3]) IO C 254, 19.7.2023, lch. 8.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Samhain 2023.

Thar ceann an Choimisiúin,
Thar ceann an Uachtaráin,
Janusz WOJCIECHOWSKI
Comhalta den Choimisiún